

Intreoir

Is leabhrán é seo a ullmhaíodh le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí atá ag tabhairt faoi chúrsa GCSE CCEA sa Stair i gColáiste Feirste agus i scoileanna lán-Ghaeilge eile. Tá dhá leabhrán eile sa tsraith seo mar atá *An Ghearmáin Naitsíoch* agus *An Cogadh Fuar*.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Cathal Ó Donnghaile agus le Ciarán Ó Pronntaigh maraon le foireann an Áisaonaid a chuidigh go mór an saothar seo a thabhairt chun foilsithe.

Ar Radharc na bhFeá dom, Mí na Féile Eoin, 2007


Diarmaid Ua Bruadair

Aonad 1: Tuaisceart Éireann 1963-1967

Bunú agus forbairt Thuaisceart Éireann 1920-1963

Bunaíodh Tuaisceart Éireann nuair a reachtaíodh Acht um Rialú na hÉireann i 1920. Chuir sé seo críochdheighilt i bhfeidhm in Éirinn. Ina dhiaidh seo bhí:

1. Deisceart na hÉireann agus 26 contae ann; tugadh Saorstát na hÉireann air seo i ndiaidh Chonradh 1921.
2. Tuaisceart Éireann agus sé chontae ann.




Eagraíodh toghcháin i dTuaisceart Éireann i mBealtaine 1921 agus tháinig an pharlaimint le chéile den chéad uair mí ina dhiaidh sin.

Tuairimí i leith an stáit nua

Bhí tuairimí difriúla ag an phobal i dTuaisceart Éireann i leith an stáit nua seo.

- Bhí aontachtaithe an tuaiscirt - ar Phrotastúnaigh an chuid ba mhó acu - an-sásta leis an stát nua. Bhí tromlach mór Protastúnach sa stát nua agus bhí siad cinnte go mbeadh smacht acu ar an pharlaimint agus ar an rialtas. Go deimhin bhain na haontachtaithe 40 suíochán as an 52 suíochán a bhí ar fáil.
- Ní raibh náisiúnaithe an tuaiscirt - ar Chaitlicigh an chuid ba mhó acu - sásta leis an stát nua. Ba mhian leo bheith aontaithe leis an chuid eile den tír agus a rialtas a bheith lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Ar an ábhar sin mhothaigh an chuid ba mhó de na haontachtaithe nárbh fhéidir muinín a bheith acu as na náisiúnaithe.



Foréigean agus idirdhealú

Mhéadaigh líon na ndúnmharuithe seicteacha de bharr na mímhúiníne idir aontachtaithe agus náisiúnaithe. Chun dul i ngleic leis an fhadhb seo bhunaigh an rialtas Constáblacht Speisialta Uladh agus reachtaíodh an **Acht um Chumhachtaí Speisialta**. Thug an dlí seo cead do na póilíní daoine a ghabháil agus a choinneáil gan triail.

Bhí dealbh Edward Carson ag Stormont mar chomhartha de chumhacht na n-aontachtaithe i dTuaisceart Éireann.


Caidrimh ag athrú

I measc na bhfrithghníomhartha eile a cuireadh i bhfeidhm in éadan bhagairt an náisiúnachais, mar a chonaic siad féin é bhí:

- **Ionadaíocht Chionmhar** a chur ar ceal sna toghcháin áitiúla ionas go dtoghfaí níos lú náisiúnaithe ar na comhairlí.
- Teorainn na dtoghcheantar a athrú sa dóigh go mbeadh smacht ag aontachtaithe orthu fiú más náisiúnaithe ba mhó a bhí ina gcónaí iontu. Tugadh **claonroinnt** ar an chleachtas seo.
- Gan cead a thabhairt ach dóibh siúd a raibh rátaí á n-íoc acu vótáil sna toghcháin áitiúla. Tugadh vóta amháin do gach £10 rátaí a íocadh ach ní raibh cead níos mó ná seacht vóta a bheith ag duine ar bith. An toradh a bhí air sin go raibh níos mó vótaí ag lucht an tsaihbris, ar Phrotastúnaigh an chuid ba mhó acu, agus go raibh daoine bochta gan aon vóta, bochtáin ar Chaitlicigh céatadán mór acu.

Rinneadh leithcheal ar Chaitlicigh ar bhealaí eile:

- Thug na comhairlí áitiúla a bhí faoi smacht na n-aontachtaithe, thug siad níos lú tithe do Chaitlicigh, mar go mbeadh vóta ag úinéirí tithe.
- Bhí drochbhail ar thithe na gCaitliceach.
- Bhí níos mó Caitliceach ná Protastúnach dífhostaithe.



Tá go leor fianaise ann go raibh leithcheal in éadan na gCaitliceach san fhostaíocht coitianta i dTuaisceart Éireann.

Dul chun cinn roimh 1963

D'fhan rudaí mar a bhí i dTuaisceart Éireann go dtí na 1960í. D'imir Tuaisceart Éireann páirt thábhachtach sa Dara Cogadh Domhanda idir 1939 agus 1945 agus ag deireadh na 1940í cuireadh an stát leasa shóisialaigh i bhfeidhm le coinníollacha maireachtála a fheabhsú.



Comóradh 50 bliain den ionsaí ar Bheairic Achadh Lon, Fear Manach.

Bhí an caidreamh leis an Deisceart teann, go háirithe ó fógraíodh ina phoblacht é i 1949 agus de bharr gur mhaígh **Alt II** agus **Alt III** de **Bhunreacht na hÉireann** gur bhain na sé chontae sa tuaisceart leis an phoblacht. Chomh maith leis sin, bhí feachtas ag an IRA idir 1956 agus 1962 leis an teorainn a chealú agus d'amharc na haontachtaithe air seo mar fhianaise nár chóir muinín a bheith acu as náisiúnaithe an tuaiscirt. Mhaígh an tIRA gur de bharr easpa tacaíochta ón phobal náisiúnach a theip ar an fheachtas seo, ach bhí ról le himirt ag **imtheorannú** sa Phoblacht agus gníomhaíocht **Chonstáblacht Ríoga Uladh (CRU)** agus na **B-Speisialtaigh** leis an teip seo fosta.

Caidrimh ag athrú

Polasaithe eacnamaíochta O'Neill

I Márta 1963 d'éirigh an Tiarna Brookeborough as mar phríomh-aire ar Thuaisceart Éireann. Ghlac an Captaen Terence O'Neill, a bhí ina Aire Airgeadais sa rialtas, a áit mar Phríomh-Aire.

Tugann fianaise le fios gur mhaith leis an chuid ba mhó de theachtaí parlaiminte na n-aontachtaithe go nglacfadh Brian Faulkner, a bhí ina Aire Gnóthaí Baile, áit Brookeborough ach ní raibh toghchán ann leis an rogha seo a dhéanamh. Ba iad grúpa beag de bhaill shinsearacha an Pháirtí Aontachtaigh a roghnaigh an ceannaire. *Bheadh an easpa tacaíochta seo mar fhadhb i gcónaí ag O'Neill le linn a thréimhse mar phríomh-aire.*



An Captaen Terence O'Neill, Príomh-Aire Thuaisceart Éireann 1963-1969



Bhí caighdeán maireachtála na ndaoine íseal sa stát seo. Bhí go leor daoine, idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh, ina gcónaí i seantithe dearóile caite.

Feabhas ar an gheilleagar

Ba chosúil go raibh athruithe le bheith i dTuaisceart Éireann le teacht chun tosaigh O'Neill. Chreid sé go raibh ar 'aghaidh Uladh' athrú dá mbeadh rath le bheith ar an stát. Leis an aidhm seo a bhaint amach gheall O'Neill go rachadh sé i mbun "gníomhartha samhlaíocha agus dána".

Ba é an feabhas eacnamaíochta an chloch ba mhó ar a phaidrín aige. Chuige seo mhol sé agus chuir sé i bhfeidhm roinnt polasaithe agus é mar phríomh-aire, mar a bhí:

- Infheistíocht £900 milliún sa gheilleagar
- An córas iarnróid a fheabhsú
- Comhoibriú le Comhdháil na gCeardchumann i mBaile Átha Cliath, rud a bhí riachtanach le dul chun cinn suntasach a chur i bhfeidhm
- Bunú Coiste Eacnamaíochta faoi Brian Faulkner
- Bunú Aireacht Forbartha in Eanáir 1965 leis an chlár feabhsaithe a chur chun cinn
- Bunú cathrach nua idir an Lorgain agus Port an Dúnáin ar ar tugadh Craigavon
- Bunú ollscoile nua i gCúil Raithin

Caidrimh ag athrú

Buanna agus teipeanna

Ba shoiléir go raibh tionchar nach beag ag na polasaithe seo:

- Tháinig comhlachtaí idirnáisiúnta go Tuaisceart Éireann ar nós Michelin, DuPont, Goodyear, ICI agus Grundig
- Cuireadh tús le córas mótarbhealaigh
- Osclaíodh scaglann ola i mBéal Feirste
- Cuireadh tús ar aerfort nua a thógáil
- Rinneadh nasc le Poblacht na hÉireann agus síníodh conradh soláthar leictreachais leo
- Cuireadh suas le 35,000 post nua ar fáil le linn na 1960í, ach ag an am céanna cailleadh 20,000 post sna tionscail thraidisiúnta ar nós thionscal an línéadaigh.

Bhí fadhbanna ann fosta:

- Idir 1963 agus 1969 bhí ar an rialtas tacaíocht airgeadais a thabhairt do na tógálaithe long, Harland & Wolff
- Bhí an ráta dífhostaíochta idir 7% agus 8%.
- Dhiúltaigh roinnt comhlachtaí deontais rialtais le monarchana a oscailt ar an taobh thiar d'Abhainn na Banna mar gur shíl siad go raibh sé ró-iargúlta.



Bhí impleachtaí leis na saincheisteanna seo uile, go háirithe an ceann deireanach. Mhóthaigh daoine in iarthar na sé chontae go raibh leatrom agus leithcheal á ndéanamh orthu ag an rialtas ar an ábhar nach raibh comhlachtaí ag teacht chucu agus go raibh ráta dífhostaíochta an-ard acu (12%).

B'éigean do rialtas Stormont go leor tacaíocht airgeadais a thabhairt do na tógálaithe long, Harland and Wolff, i mBéal Feirste.

Caidrimh ag athrú

Foinse A

Rinne na haontachtaithe iarracht stát neamhsheicteach a chruthú ina mbeadh na saoránaigh uile ar chomhchéim, in ainneoin a mhalairt de thuairim a bheith ag Caitlicigh.

An staraí ATQ Stewart ag cur in éadan an dearcaidh go raibh leithcheal aontachtach chomh forleathan sin, ina leabhar *The Narrow Ground*.

Foinse B

Mótarbhealach nua ag dul go croílár an chúige. Aerfort nua dúinn, an t-aonad aeir is gnóthaí sa Ríocht Aontaithe taobh amuigh de Londain. Ospidéal nua i nDoire - an ceann is nua-aimseartha sna hOileáin seo. Saotharlanna nua in Ollscoil na Banríona le muid a thabhairt go teorainneacha an eolais agus na teorainneacha sin a shárú. Eastáit tithíochta nua-aimseartha a chur in áit na slumaí seanchaite, tréigthe.

An Captaen Terence O'Neill ag cur a shamhla eacnamaíche in iúl i 1963.

Foinse C

Ba mhian le O'Neill comhionannas eacnamaíoch agus sóisialta níos leithne a fheiceáil i dTuaisceart Éireann. Chreid sé nach mbeadh rath ar chóras nua-aimseartha tionsclaíoch mura raibh na saoránaigh uile páirteach ann.

An staraí Sabine Wichert ag scríobh ina leabhar *Northern Ireland Since 1945*.



Ospidéal Alt Uí Dhuibhleacháin, Doire, cuid de shamhail eacnamaíoch Terence O'Neill sna seascaidí.

Caidrimh ag athrú

1. Scríobh fáth amháin a raibh O'Neill ag iarraidh geilleagar Thuaisceart Éireann a fheabhsú?
2. Déan cur síos ar dhá rud a rinne O'Neill le geilleagar an Tuaiscirt a fheabhsú?
3. Cén laige a bhí ag O'Neill a bhí le sonrú chomh luath agus a ghlac sé an post mar phríomh-aire?
4. Tarraing 'léaráid damháin alla' ag léiriú na bpolasaithe eacnamaíocha a bhí ag O'Neill.
5. Mínigh cad é a bhí O'Neill ag iarraidh a bhaint amach leis na polasaithe eacnamaíochta seo.
6. Tarraing agus líon isteach an tábla thíos i do chóipleabhar.




Tasc Breise

Bheadh an dóigh ar ceapadh O'Neill mar chonstaic aige i gcónaí. Déan an ráiteas seo a phlé.

Ná déan dearmad

Déan cinnte de go bhfuil tú ábalta aidhmeanna eacnamaíochta O'Neill a chur i gcomparáid leis na torthaí dearfacha agus diúltacha a bhí ar a pholasaithe.



Rath eacnamaíochta

Teip eacnamaíochta

Úsáid an t-eolas sa téacs leis an tábla a líonadh isteach. Amharc ar na torthaí. An ndéarfá go raibh rath ar pholasaithe eacnamaíocha O'Neill? Cuir fianaise ar fáil le tacú le do fhreagra.

Aonad 2: Polasaithe polaitiúla O'Neill

Athruithe polaitiúla

D'aithin O'Neill nár leor athruithe eacnamaíochta amháin le Tuaisceart Éireann a athrú. Bheadh feabhsuithe sóisialta agus polaitiúla riachtanach leis seo a bhaint amach maraon le caidreamh níos fearr a chothú le Poblacht na hÉireann. Agus na hathruithe seo á gcur i bhfeidhm ba mhór an seans go mbeadh scoilt san aontachtachas.

Cairdeas le Baile Átha Cliath

Ar 14 Eanáir 1965, bhuail ceannairí an dá stát in Éirinn le chéile den chéad uair ó bhí 1925 ann. Thit an cruinniú seo amach in Stormont idir Terence O'Neill agus an Taoiseach, Seán Lemass. Ba é an chéad uair le 40 bliain a tharla a leithéid de chruinniú agus léirigh sé seo an teannas a mhair idir an dá stát.

Agus é ag labhairt ar an teilifís i ndiaidh an chruinnithe seo chosain O'Neill a ghníomhartha ag rá go raibh an dá chóras ag roinnt "na n-aibhneacha céanna, na sléibhte céanna agus cuid de na fadhbanna céanna". Thug sé féin cuairt ar Bhaile Átha Cliath ceithre seachtaine ina dhiaidh sin. Bhí an dá chruinniú dírithe ar cheisteanna eacnamaíochta agus níor cuireadh ceisteanna polaitiúla faoi chaibidil. Tharla cruinnithe idir airí rialtais an Tuaiscirt agus an Deiscirt faoi thurasóireacht agus faoi sholáthar leictreachais.



An Taoiseach Seán Lemass ag bualadh le Príomh-Aire Thuaisceart Éireann, Terence O'Neill

Cairdeas le náisiúnaithe an Tuaiscirt

Rinne O'Neill iarracht cairdeas a chothú le náisiúnaithe an Tuaiscirt trí:

- Cuairt a thabhairt ar an Chairdinéal William Conway, ceannaire spioradálta Chaitlicigh na hÉireann
- Comhbhrón oifigiúil a dhéanamh le Caitlicigh na hÉireann ar bhás an Phápa Eoin XXIII i mí an Mheithimh 1963
- Cuairteanna a thabhairt ar scoileanna Caitliceacha
- Níos mó airgid a chur ar fáil do scoileanna agus d'ospidéal i gceantair Chaitliceacha.

Bhí crógacht ag baint leis na céimeanna seo agus chuir an pobal náisiúnach fáilte rompu. Níor shoiléir, áfach, an mbeadh na hathruithe seo suntasach go leor le náisiúnaithe a shásamh nó, go deimhin, róshuntasach do na haontachtaithe.

Caidrimh ag athrú

Foinse A

Ba mhian le O'Neill go mothódh na Caitlicigh mar chuid den stát ach ba dheacair athruithe suntasacha a dhéanamh ar an ábhar go raibh cuid mhór dá pháirtí ina éadan. Ar an ábhar sin, ní raibh ina chuid iarrachtaí le stát neamhsheicteach a chruthú ach focail nár comhlíonadh.

An staraí Sabine Wichert ag scríobh ina leabhar *Northern Ireland Since 1945*.

1. Ainmnigh an dá cheannaire Éireannacha a bhuail le chéile in Stormont i 1965.

2. Scríobh dhá rud a rinne O'Neill le hiarracht a dhéanamh an caidreamh a fheabhsú idir an dá chuid den phobal i dTuaisceart Éireann.

3. Tarraing 'léaráid damháin alla' ag léiriú pholasaithe polaitiúla O'Neill.

4. Cad iad na buntáistí, dar le O'Neill, a bhainfeadh le caidreamh a fheabhsú leis an Deisceart agus le náisiúnaithe sa Tuaisceart?

5. Cén fhianaise atá sa téacs nach raibh sé ar intinn ag O'Neill stádas bunreachtúil Thuaisceart Éireann a athrú ar chor ar bith?


Tasc Breise



Bhí na socruithe don chruinniú le Seán Lemass faoi rún. Cad é a deir sé seo linn faoi chaidreamh Thuaisceart Éireann leis an Phoblacht?

Ná déan dearmad

Bhain cruinnithe idir O'Neill agus Lemass le siombalachas gan bhrí. Déan cinnte de go bhfuil tú ábalta na fáthanna a raibh seo amhlaidh a mhíniú.



Thug O'Neill cuairt ar cheannaire na hEaglaise Caitlicí, an Cairdinéal William Conway

Aonad 3: Dearcadh difriúil ar pholasaithe O'Neill, 1963-67


Mhúscail polasaithe O'Neill meascán d'eagla agus de dhóchas i measc an dá phobal i dTuaisceart Éireann.

Dearcadh na n-aontachtaithe

Bhí idir thacaíocht agus chur i gcoinne le sonrú sa phobal aontachtach do chuid polasaithe O'Neill agus é dírithe ar Thuaisceart Éireann a athrú. Bhí dearcadh measctha ann mar go raibh cuid den phobal aontachtach báúil le leasuithe a dhéanamh ach go raibh cuid eile acu a raibh eagla orthu roimh leasuithe.

Ní raibh tacaíocht iomlán ag O'Neill óna pháirtí uilig riamh. Go deimhin níor inis O'Neill do na baill eile den chomhaireacht faoi chuairt Seán Lemass go dtí an lá a tharla sí. Léiríonn sé seo go raibh sé buartha faoina ndearcadh i leith a leithéid de chuairt agus fosta gur smaoineamh s'aigesean amháin é cuairt Lemass.

Nuair a cháin Brian Faulkner O'Neill mar nár phléigh sé an chuairt lena chomhaireacht ba shoiléir go raibh easaontas i measc aontachtaithe. Agus é sin ráite pléadh cuairt an chéad Taoisigh eile, Jack Lynch, sa chomhaireacht agus tugadh tacaíocht don chuairt, rud a léirigh go raibh a leithéid de chuairt inghlactha acu.



Bhí Brian Faulkner mar Leas-Phríomh-Aire ar Thuaisceart Éireann le linn thréimhse O'Neill. Tá fianaise ann nár thug sé tacaíocht iomlán do pholasaithe O'Neill agus nach raibh sé sásta gur tugadh cuireadh do Lemass gan an cheist a phlé sa chomhaireacht ar dtús.

Teacht chun cinn an Urramaigh Ian Paisley

Cé nach raibh freagra diúltach poiblí le sonrú i leith chuairt Lemass tháinig cur in éadan láidir ó cheannaire na hEaglaise Saor-Phreispitéirí, an tUrr. Ian Paisley. Seachas buaireamh fadtéarmach a bhí ag Protastúnaigh faoi thionchar na hEaglaise Caitlicí sa Deisceart bhí Paisley in éadan ceangal ar bith a bheith idir Tuaisceart Éireann agus Deisceart na hÉireann. Mhaígh sé nár chóir do chaidrimh ar bith a bheith ann idir an dá stát a fhad is go raibh Alt II agus Alt III de



Bhunreacht na hÉireann i bhfeidhm go fóill.

Mhéadaigh ar thacaíocht Paisley nó bhí eagla na n-aontachtaithe ag ardú faoi pholasaithe O'Neill agus níor éirigh leis na polasaithe seo caighdeán maireachtála s'acu a fheabhsú.


Go gearrthéarmach, áfach, bhí O'Neill breá sásta le rathúlacht an Pháirtí Aontachtaigh in olltoghchán 1965 - bhí an chuma ar an scéal go raibh na daoine sásta lena pholasaithe.

Caidrimh ag athrú

Foréigean agus easaontas

Thosaigh rudaí ag éirí teann i dTuaisceart Éireann go luath ina dhiaidh sin. Bhí comóradh 50 bliain Éirí Amach na Cásca ann i 1966 maraon le Cath an Somme agus bhris círéibeacha amach idir an dá phobal. Bhí níos measa le teacht agus maraíodh beirt Chaitliceach i mBealtaine agus i Meitheamh 1966 nuair a thosaigh an UVF ar fheachtas nua. Go

luath ina dhiaidh sin chuir O'Neill cosc ar an eagrais.



Agus an foréigean ag dul in olcas mhothaigh O'Neill go raibh an tacaíocht a bhí aige taobh istigh dá pháirtí féin ag laghdú. I Meán Fómhair 1966 fuair sé amach go raibh roinnt ball dá pháirtí i mbun comhcheilge ina éadan. Bhí ráflaí ann fosta faoin oiread tacaíochta a bhí aige óna chomhaireacht féin. Bhí amhras

ann faoi dhílseacht an Leas-Phríomh-Aire, Brian Faulkner, agus an Aire Talmhaíochta, Harry West. Fá dheireadh 1967, bhí tacaíocht O'Neill ó aontachtaithe trí chéile, agus óna pháirtí féin go háirithe, ag meath go gasta. Ba léir go raibh scoilt shuntasach sa Pháirtí Aontachtach faoi na polasaithe agus thaispeáin suirbhéanna go raibh níos mó tacaíochta le sonrú i measc an phobail aontachtaigh do pholasaithe Paisley.

Dearcadh na náisiúnaithe

Bhí dearcadh measctha ag an phobal náisiúnach maidir le polasaithe O'Neill. Bhí neart tacaíochta le sonrú ag an tús ach ba luath gur ghlac frustrachas áit an dóchais nuair a theip air an todhchaí fheabhsaithe a gheall sé a chur ar fáil. Bhí an mhí-shástacht seo le feiceáil i measc na glúine nua Caitlicí go háirithe.

D'fháiltigh ceannairí creidimh agus polaitiúla na gCaitliceach roimh iarrachtaí O'Neill le cairdeas a chothú ar dtús. I ndiaidh don Taoiseach, Seán Lemass, cuairt a thabhairt ar Stormont ghlac an Páirtí Náisiúnach ról an **fhreasúra oifigiúil** orthu féin den chéad uair.



Ghlac an Páirtí Náisiúnach le ról an fhreasúra in Stormont ar 2 Feabhra 1965.

Mhúscaíl polasaithe O'Neill dóchas i measc na náisiúnaithe. Ba bheag seans go gcomhlíonfaí an dóchas seo agus an cur in éadan a bhí aontachtaithe a pháirtí féin ag léiriú i leith an phríomh-aire. Bhí náisiúnaithe ar buile nuair a thug an tAire Forbartha, William Craig, *Craigavon* ar an bhaile nua i gcuimhne James Craig, an chéad phríomh-aire a bhí ag Tuaisceart Éireann.

Caidrimh ag athrú



Foirgneamh na hOllscoile i gCúil Raithin. Shíl muintir Dhoire gur chóir an ollscoil a bheith lonnaithe i nDoire, an dara cathair is mó i dTuaisceart Éireann. Mheas siad gur lonnaíodh i gCúil Raithin í chun buntáistí eacnamaíochta a chur ar fáil do thromlach Protastúnach an bhaile.

Cuireadh i leith O'Neill go raibh a chuid polasaithe eacnamaíochta fabhrach i leith an Oirthir Phrotastúnaigh agus nár tugadh cothrom na Féinne don Iarthar Caitliceach. Mar fhianaise air sin léiríodh na pointí seo a leanas:

- Seachas Doire bhí na háiteanna uile a ainmníodh fá choinne infheistíochta i gceantair Phrotastúnacha.
- Bhí ráta dífhostaíochta i bhfad ní b'airde taobh thiar den Bhanna.
- Lonnaíodh an dara hollscoil i dTuaisceart Éireann i gCúil Raithin, baile Protastúnach, in áit í a bheith lonnaithe i nDoire an dara cathair ba mhó. Glacadh an cinneadh seo in ainneoin agóide ó dhá thaobh an phobail i nDoire.
- Ní dhearna an rialtas iarracht ar bith níos mó post a chur ar fáil do Chaitlicigh in eagraíochtaí rialtais a bhain leis an tsláinte agus leis an oideachas. Dúirt an *Belfast Telegraph*, a bhí ar son O'Neill, nach raibh sna hiarrachtaí ar dhroichead a thógáil idir an dá phobal ach amaidí.

Cuireadh i leith rialtas Stormont gur dhírigh siad an fhorbairt ar an oirthear.

Léiríodh go raibh an dearcadh seo fíor nuair a bunaíodh Cumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann i 1967.



Foinse A

Bhain an chuid ba mhó den ábhar buairimh a bhí ag an tromlach leis na tuairimí amhrais a bhíonn ag grúpa nuair a thuigeann siad gur féidir gur mionlach iad.

An staraí, ATQ Stewart, ag míniú ina leabhar, *The Narrow Ground*, cad chuige a raibh na haontachtaithe chomh buartha sin faoi na hathruithe polaitiúla a bhí ag titim amach.

Foinse B

Ní thiocfadh leat a chur ina luí ar Chaitlicigh nach cinntí seicteacha iad Cúil Raithin agus Craigavon. Cinntí a bhí dírithe ar chosc a chur ar an Iarthar Caitliceach a oiread céanna forbartha a dhéanamh leis an oirthear Protastúnach.

An staraí Éireannach, An tOllamh J J Lee, ina leabhar *Ireland 1912-1985: Politics and Society*.


Caidrimh ag athrú

1. Tabhair fáth amháin a raibh roinnt aontachtaithe míshásta le polasaithe O'Neill?
2. Tabhair dhá chúis nach raibh na náisiúnaithe uilig sásta le polasaithe O'Neill.
3. Mínigh cén dóigh agus cad chuige a raibh dearcadh difriúil ag na grúpaí seo a leanas maidir le polasaithe O'Neill:
 - Aontachtaithe measartha
 - Teachtaí parlaiminte an Pháirtí Aontachtaigh
 - Lucht tacaíochta Ian Paisley
4. Cén dóigh a raibh dearcadh na n-aontachtaithe ag athrú, thart fá 1967?
5. Cén dearcadh a bhí ag náisiúnaithe i leith pholasaithe O'Neill ag an tús?
6. Cad chuige ar athraigh an dearcadh le himeacht aimsire?

Tarraing tábla i dó chóipleabhar mar atá léirithe thíos:

Rath polaitiúil	Teip polaitiúil

Agus an t-eolas san aonad seo agus in Aonad 2 in úsáid agat, líon isteach an tábla seo. Amharc ar na torthaí anois. An ndéarfá gur bua nó teip a bhí mar thoradh ar pholasaithe polaitiúla O'Neill? Tabhair fianaise le tacú le do fhreagra.



Caidrimh ag athrú

Tarraing tábla i dó chóipleabhar mar atá léirithe thíos:

Polasaithe O'Neill	Freagairt Aontachtach	Freagairt Náisiúnach

Bain úsáid as an eolas as Aonaid 1-3 leis an tábla seo a chomhlánú. Amharc ar na torthaí. Cé acu na polasaithe a raibh:

- An pobal náisiúnach sásta leo agus míshásta leo
- An pobal aontachtach sásta leo agus míshásta leo

Cad chuige a bhfuil sé seo amhlaidh?




Tasc Breise

Arbh iad polasaithe O'Neill ba chúis le hathrú suntasach teacht ar Thuaisceart Éireann? An mbeadh sé indéanta ag O'Neill an dá phobal a shásamh lena chuid polasaithe choíche?

Ná déan dearmad

Ní raibh tacaíocht ag O'Neill óna pháirtí uilig ón tús. Déan cinnte de go bhfuil tú ábalta a mhíniú an dóigh a ndéanfaidh sé seo a phríomh-áireacht ní ba laige.



12th Statement issued by The Orange Voice of Freedom

"WHY ORANGEMEN CANNOT SUPPORT THE 4th RESOLUTION"

The fourth resolution is in fact a call for a vote of confidence in the already tottering leadership of Captain Terence O'Neill. No true Orangeman could have confidence in O'Neill for the following reasons:

1. O'Neill broke his pledge given to the Orangemen at Ballygowan and repeated in Parliament that he would not meet Lemass until the South recognized our Constitution. He smuggled this murderer of our kith and kin up to Stormont without consulting Cabinet, Parliamentary Party or Parliament. The only people consulted were the Cabinet of the South. His pledge was worthless.
2. At the recent Belfast Corporation elections Bro. Frank Millar, Official Unionist, had the courage to oppose rebel Fitt in Dock Ward. Mr. Millar declared he was an uncompromising Protestant. Fitt called on O'Neill to repudiate Millar. O'Neill obeyed, withdrew Official Unionist support declaring he had no room in his Party for "Sectarianism".
3. In an article in the "London Times" O'Neill regretted the statement of Ulster's First Prime Minister, Lord Craigavon, that Ulster's Parliament was a Protestant Parliament for a Protestant people.
4. By encouraging and supporting the traditional enemies of Ulster through his attendance at R.C. Convents and schools. The Union Jack does not fly on these buildings, nor is the National Anthem sung at any of these functions.
5. By closing the main thoroughfare of Belfast to the Union Jack and loyalist processions and by placating the Republicans continually.

The Tricolour was carried in an illegal procession recently round the City Hall and the Soldiers Song was played by an R.C. band fifty yards from Leopold Street Police Station on Sunday, 2nd July.

N.B.—No arrests have been made for the illegal procession or this act of incitement on the Crumlin Road.

A P P E A L

We appeal to all faithful Orangemen to give these matters their careful attention and to attend the platform proceedings at each demonstration and voice their protests as is their right and duty.

Issued by the Orange Voice of Freedom

Aonad 4: Bunú Chumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann

CCSTÉ agus tionchar na Meiriceánach

Bunaíodh Cumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann (CCSTÉ nó NICRA) ag tús 1967. Ba iad John Hume agus Ivan Cooper beirt de na bunaitheoirí a bhí ar an eagra.

Níl aon amhras ach go bhfuair CCSTÉ cuid mhaith dá inspioráid ó Stáit Aontaithe Mheiriceá. Scríobh fear eile de bhunaitheoirí CCSTÉ darbh ainm Paddy Devlin go raibh CCSTÉ “spreagtha ag an fheachtas chun cothromaíocht, ceart agus comhionannas a bhaint amach do na daoine gorma i SAM”. Chomh maith leis sin, bhí foinsí eile as ar tháinig spreagadh, mar shampla, agóidí a bhí ar siúl ag mic léinn sa Fhrainc an bhliain chéanna.


Ba shoiléir go mbeadh an ghluaiseacht Mheiriceánach tarraingteach do mhuintir na hÉireann. D’úsáid feachtas Martin Luther King modhanna síochánta agus easumhlaíocht shibhialta ina iarrachtaí le cothromaíocht a bhaint amach don phobal ghorm i Meiriceá. Fá 1967 bhí sraith mórshiúlta agus agóidí i ndiaidh brú a chur ar Chomhdháil SAM. Reachtaíodh dlíthe a chuir cosc ar leithcheal poiblí agus a chinntigh cearta vótála de bharr na hagóide seo. Rinneadh tuairisciú forleathan ar na himeachtaí seo i meáin chumarsáide na hEorpa.

Aidhmeanna CCSTÉ

- Bunaíodh CCSTÉ mar eagraíocht fhrithsheicteach agus in ionad bheith ag éileamh Éireann aontaithe, rinne siad iarracht leasuithe a bhaint amach a chuirfeadh deireadh leis an mhí-chothromaíocht sa chóras pholaitiúil.

D’éiligh CCSTÉ:


- Vóta amháin ag duine amháin. Thabharfadh sin vóta do gach duine os cionn 18. Bhainfeadh sé an ceart a bhí ag úinéirí gnó níos mó ná vóta amháin a bheith acu.
- Cothromaíocht i gcúrsaí tithíochta. Ag an am, bhí ort teach a bheith agat le rátaí a íoc agus vóta a bheith agat sna toghcháin áitiúla. B’ionann níos lú tithe ag Caitlicigh agus níos lú vótaí ag Caitlicigh.
- Deireadh le claonroinnt (ag tarraingt teorainneacha na dtoghcheantar le buntáiste a thabhairt do phobal amháin). An sampla ba chluíí cathair Dhoire féin, áit a raibh comhairle Phrotastúnach ag rialú i gcathair a raibh 20,102 Caitliceach inti nuair nach raibh ach 10,274 Protastúnach ina gcónaí sa chathair.



Martin Luther King, a spreag leithéid CCSTÉ.

Caidrimh ag athrú

- Deireadh a chur le leithcheal san fhostaíocht, go háirithe i bhfostaíocht rialtais. Tháinig Coimisiún Cameron ar fhianaise go raibh leithcheal á dhéanamh ar Chaitlicigh sa réimse fostaíochta.
- Deireadh a chur le hAcht na gCumhachtaí Speisialta (ainm oifigiúil Acht na nÚdarás Sibhialta (Cumhachtaí Speisialta), 1922). Thug an tAcht seo cead don rialtas daoine a ghabháil agus a chur i bpríosún gan trial a bheith ann lena shocrú cé acu ciontach nó neamhchiontach a bhí siad.
- Deireadh a chur leis na B-Speisialtaigh. Bhí an grúpa seo ina chuid dheireanach den Chonstáblacht Speisialta (ina raibh trí ghrúpa) a bunaíodh i 1920 le troid in éadan an IRA le linn Chogadh na Saoirse.
- Córas neamhspleách gearán le héisteacht le gearáin in éadan na gcomhairlí áitiúla sna réimsí seo thuas.



Tacaíocht agus freagairt

Tháinig tacaíocht CCSTÉ ó gach taobh den phobal. Tháinig cuid mhór tacaíochta ón ghlúin nua Chaitliceach a raibh oideachas orthu, daoine a bhain tairbhe as an oideachas saor in aisce a cuireadh ar fáil ó bhí deireadh na 1940í ann. Chonaic na Caitlicigh seo go raibh Caitlicigh ar fud an domhain ag dul chun cinn sa saol, go háirithe nuair a toghadh John F Kennedy mar uachtarán ar SAM i 1960. Mhothaigh siad nach raibh an Páirtí Náisiúnach, faoi cheannas Eddie McAteer, ag déanamh freastail ar an phobal Chaitliceach trí chéile. Ba chosúil nach raibh d'éileamh acu ach deireadh a chur le críochdheighilt. Tháinig tacaíocht CCSTÉ ó dhaoine eile, chomh maith, ina measc, Protastúnaigh liobrálacha, cumannaithe, lucht na hacadúlachta agus ceardchumannaithe.



Mórshiúl de chuid CCSTÉ. Deir an fógra 'One man one vote'

Caidrimh ag athrú

Foinse A

Tháinig glúin nua Caitliceach chun tosaigh ó na 1950í i leith a tógadh ar na buntáistí a chuir an stát leasa shóisialaigh ar fáil agus a raibh ardchaighdeán oideachais orthu . . . d'éirigh na Caitlicigh cháilithe seo feargach de bharr an leithcheala a bhí le sonrú.

An staraí JJ Lee ag scríobh in *Ireland 1912-1985: Politics and Society*.

Foinse B

Ní raibh ann ach 'ní fhaigheann na Caitlicigh seo agus ní fhaigheann na Caitlicigh siúd', iadsan beo bocht agus muidne mar thiarnaí talún orthu. D'amharc daoine thart ar a dtithe féin agus dúirt siad, "Cad é atá siad a rá fúinne? . . . agus an t-uisce ag sileadh anuas na ballaí againn agus tithe nárbh fhéidir cónaí iontu."

Dearcadh bean tí ó Bhóthar na Seanchille i mBéal Feirste ar CCSTÉ.

1. Cén áit a bhfuair CCSTÉ cuid dá smaointe agus dá modhanna?
2. Ainmnigh dhá ghrúpa a thug tacaíocht do CCSTÉ.
3. Cén fhianaise atá ann go raibh tionchar ag imeachtaí i dtíortha eile ar CCSTÉ?
4. Cad chuige, dar leat, ar bhain CCSTÉ inspioráid ó ghluaiseacht chearta sibhialta SAM?
5. Tarraing léaráid a thaispeánann príomh-éilimh CCSTÉ.
6. Mínigh an fáth a raibh glúin nua Caitliceach ag teacht chun tosaigh ag an am seo agus cad chuige nach raibh siad sásta leis an Pháirtí Náisiúnach a bhí ann?
7. Cad chuige a raibh dearcadh diúltach ag go leor aontachtaithe i leith CCSTÉ? An raibh réasún ag baint leis an seasamh seo? Mínigh do fhreagra.

Tasc Breise



An raibh na héilimh a bhí ag CCSTÉ cothrom?

Ná déan dearmad

D'amharc cuid mhór aontachtaithe ar CCSTÉ mar fhronta poblachtach. Déan cinnte de go dtuigeann tú cén tionchar a bheadh ag an pheirspictíocht seo ar dhearcadh na n-aontachtaithe ar éilimh CCSTÉ.




Aonad 5: Beartaíocht CCSTÉ agus freagairt O'Neill

Ag máirseáil ar son tithe

Rinneadh aithris ar bheart ghluaiseacht na gceart sibhialta i Meiriceá, mórshiúlta síochánta, den chéad uair ar 24 Lúnasa 1968. D'eagraigh CCSTÉ mórshiúl idir Oileán an Ghuail agus Dún Geanainn i gCo Thír Eoghain. Eagraíodh an mórshiúl seo mar agóid ar chinneadh Chomhairle Ceantair Thír Eoghain teach a thabhairt do bhean shingil Phrotastúnach i sráidbhaile Chionn Aird (Caledon). Ní raibh an bhean seo ach naoi mbliana déag d'aois agus bhí teaghlaigh Chaitliceacha ag fanacht le fada ar thithe. Mar fhreagra ar an chinneadh seo ghlac Austin Currie,

Teachta Parlaiminte Náisiúnach an cheantair, seilbh ar an teach. Díshealbhaíodh é agus shocraigh sé mórshiúl agóide a eagrú le poiblíocht a thabhairt don chás. Cé gur chuir Constáblacht Ríoga Uladh cosc ar an mhórshiúl ceann scríbe a bhaint amach, cearnóg an bhaile i nDún Geanainn, bhí cruinniú eile acu san áit ar stop na péas iad agus ní raibh foréigean ar bith ag an ócáid seo.



Foréigean i nDoire

Ba de bharr cúrsaí tithíochta, fosta, a d'eagraigh CCSTÉ an dara mórshiúl. Chun míchothromaíocht i bpolasaithe tithíochta Bhardas Dhoire a phoiblíú eagraíodh mórshiúl ar 5 Deireadh Fómhair 1968. Bhí an mórshiúl seo le taisteal ó Thaobh an Uisce go lár na cathrach agus an abhainn a thrasnú ar Dhroichead Craigavon. Mar fhreagra air seo bhagair Printísigh Dhoire mórshiúl dá gcuid féin a eagrú. Chuir an rialtas in Stormont cosc ar mhórshiúl ar bith titim amach taobh thoir den

abhainn nó taobh istigh de bhallaí stairiúla na cathrach. Dhiúltaigh lucht eagraithe CCSTÉ glacadh le cosc ar a mórshiúl.

Cé go raibh an slua a ghlac páirt sa mhórshiúl measartha beag bhí comhghuaillithe láidre acu mar a bhí 4 Theachta Parlaiminte ó Westminster agus foireann cheamara ó RTÉ. An oíche sin chuir na pictiúir a craoladh ar fud an domhain in iúl an dóigh bhrúidiúil ar chaith CRU leo siúd a ghlac páirt sa mhórshiúl. Ba shoiléir go raibh géarchéim i ndán do Thuaisceart Éireann nach mbeadh furasta a leigheas.



CRU ag caitheamh go trom le lucht CCSTÉ

Caidrimh ag athrú

Clár leasuithe cúig phointe

D'éirigh rudaí níos measa le níos mó mórshiúlta agus agóidí á reáchtáil ag CCSTÉ agus frithagóidí á reáchtáil ag na dílseoirí. Mar thoradh air seo chuir Harold Wilson, Príomh-Aire na Breataine, fios ar O'Neill, Faulkner agus Craig agus b'éigean dóibh dul go Westminster ar 4 Samhain 1968. Fógraíodh clár leasuithe ar 22 Samhain de bharr an chruinnithe seo. Bhí cúig príomhphointe ag an chlár seo agus bhí siad le bheith curtha i bhfeidhm fá dheireadh 1971. Ba iad seo thíos na príomhphointí:



Harold Wilson

- Dáileadh thithe na gcomhairlí le bheith bunaithe ar chóras pointí
- Deireadh le Bardas Dhoire agus Coimisiún Forbartha ina áit
- Deireadh le cuid den Acht um Chumhachtaí Speisialta
- Leasuithe ar an rialtas áitiúil, deireadh le vótaí breise d'úinéirí gnólachtaí
- Ombudsman le bheith ceaptha le gearáin a fhiosrú

Ciúnas roimh an stoirm?

Cé gur admhaigh O'Neill, níos moille, nach ndeachaigh an pacáiste seo fada go leor, ba chosúil go raibh na leasuithe seo ag léiriú go raibh Tuaisceart Éireann ag bogadh i dtreo todhchaí níos fearr, fiú mura raibh na héilimh uilig a bhí ag CCSTÉ á mbaint amach. Lean na hagóidí agus na frithagóidí ar aghaidh agus ar 9 Nollaig



1968 craoladh óráid de chuid O'Neill ar an teilifís. Chuir sé ina luí ar mhuintir an Tuaiscirt go raibh rogha le déanamh acu idir an t-anord agus an tsíocháin. D'iarr sé ar cheannairí CCSTÉ, go háirithe, cuidiú le daoine socrú agus seans a thabhairt don chlár leasuithe.

Bhí an chuma ar an scéal go raibh an éifeacht a raibh sé ag súil léi ag an óráid a thug sé agus cuireadh ar ceal na hagóidí eile a bhí eagraithe ag CCSTÉ. Níor mhair an sos seo i bhfad, áfach. Cé gur éirigh le O'Neill muintir CCSTÉ a shuaimhniú bhí an-díomá ar an phobal aontachtach faoin chlár leasuithe, shíl siad gur bhagair sé seo a stádas i dTuaisceart Éireann. Bhí níos mó cur i gcoinne le sonrú taobh istigh dá pháirtí féin. Cháin an tAire Gnóthaí Baile, William Craig, O'Neill agus an óráid a thug sé ar an teilifís agus é ag maíomh go raibh O'Neill ag géilleadh don bhrú a bhí na Sasanaigh a chur air. Briseadh Craig as a phost ach bhí fadhbanna eile le teacht.

Foinse A


Sraith meancóg ba chúis le gach rud. Bhí foréigean ann de bharr easpa pleanála agus easpa ceannaireachta ar thaobh na gceannairí agus de bharr amaidí agus easpa smachta na n-údarás. Luíonn an chuid is mó den fhreagracht leo siúd ag a raibh an chuid ba mhó den chumhacht - an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Constáblacht Ríoga Uladh.

Sliocht as alt a scríobhadh in *Fortnight*, irisleabhar faoi chúrsaí reatha i nDeireadh Fómhair 1998 agus mórshiúl CCSTÉ 30 bliain roimhe sin á phlé.

Foinse B

Bhí níos mó sa Chlár 5 Phointe ná mar a bhí á ofráil roimhe seo. Ach ar an ábhar go raibh cuid de na leasuithe le bheith curtha i bhfeidhm thar roinnt blianta agus ar an ábhar nach raibh 'Vóta amháin an duine' ar fáil láithreach, lean an teannas sa réigiún ar aghaidh gan staonadh.

An tOllamh FSL Lyons ag scríobh in *Ireland Since the Famine*.



Foinse C

Tá Ulaidh ag an chrosbhealach . . . beidh ár dtodhchaí ag brath ar ár n-iompar sna laethanta atá romhainn . . . is soiléir nach mbeidh rath ar Thuaisceart Éireann má bhíonn sé dírithe ar thosca grúpa amháin a shásamh in áit a bheith dírithe ar thosca freastal ar gach duine . . . Cén cineál Uladh atá uait? Cúige sona a bhfuil meas agus dea-chaidreamh aige leis an chuid eile den Ríocht Aontaithe? Nó áit atá de shíor stróicthe óna chéile ag círéibeacha agus agóidí, cúige atá ina dhíbeartach polaitiúil i súile mhuintir eile na Breataine?

Terence O'Neill ag craoladh ar an teilifís, 9 Nollaig 1968.

Caidrimh ag athrú

1. Cén cheist a spreag an chéad dá mhórshiúl de chuid CCSTÉ?

2. Cad é freagairt rialtas Thuaisceart Éireann i leith eachtraí 5 Deireadh Fómhair 1968?

3. Mínigh cén fáth a raibh cúrsaí tithíochta go mór chun tosaigh sna luath-mhórshiúlta a d'eagraigh CCSTÉ?

4. Ós rud é go raibh an mórshiúl i nDoire mídhleathach cad chuige arbh iad na húdaráis ba mheasa a tháinig as?

5. Tarraing agus líon isteach an tábla thíos:

Tasc Breise



Cé acu a raibh an tionchar ba mhó acu ar pholaitíocht Thuaisceart Éireann, CCSTÉ nó an teilifís?

Cén fáth nach raibh na héilimh uilig a bhí ag CCSTÉ sa chlár leasuithe 5 phointe?



Éilimh CCSTÉ


Clár Leasuithe 5 Phointe

Ar thaobh na láimhe clé scríobh liosta de na héilimh a bhí ag CCSTÉ. Ar thaobh na láimhe deise ceangail leasuithe O'Neill leis an éileamh cóir. Cad iad na héilimh de chuid CCSTÉ nár comhlíonadh?

6. Níos moille, d'admhaigh O'Neill go raibh na leasuithe rólag. Mínigh cén dóigh a raibh daoine eile ann nár aontaigh leis ag an am?

Ná déan dearmad

Shíl O'Neill nach raibh go leor sa chlár leasuithe 5 phointe agus d'aontaigh cuid mhór náisiúnaithe leis. Bhí go leor aontachtaithe, áfach, a shíl go ndeachaigh an clár seo ró-fhada. An féidir leat a mhíniú cad chuige a raibh dearcadh chomh difriúil sin ag daoine ar an chlár leasuithe?



Aonad 6: Mórshiúl Dhaonlathas an Phobail

Gluaiseacht radacach ag teacht chun tosaigh

Cé gur mhaígh CCSTÉ go mbeadh na mórshiúlta curtha ar ceal thug grúpa nuabhunaithe, Daonlathas an Phobail, neamhaird orthu. Tháinig an grúpa seo, ar mhic léinn ollscoile an chuid ba mhó acu, chun cinn de bharr na feirge a bhí ar na mic léinn faoin fhoréigean a dírfódh ar CCSTÉ i nDeireadh Fómhair 1968. Bhí éilimh acu a bhí an-chosúil le héilimh a bhí ag CCSTÉ, mar a bhí:

- Vóta amháin ag duine amháin
- Deireadh le claonroinnt
- Tithe ar bhonn riachtanais
- Poist ar bhonn cáilíochtaí
- Saoirse chainte
- Deireadh le hAcht na gCumhachtaí Speisialta

D'fhógair Daonlathas an Phobail go raibh siad míshásta le Plean 5 Phointe O'Neill agus go raibh sé ar intinn acu mórshiúl a reáchtáil ó Bhéal Feirste go Doire ó 1 Eanáir go dtí 4 Eanáir 1969. Cháin CCSTÉ agus ceannairí eile náisiúnacha an cinneadh seo mar go raibh siad buartha go gcuirfeadh sé le teannas a bhí go mór le sonrú cheana féin.

Luíochán Bhun Tolaid

Tugadh neamhaird ar an cháineadh seo agus thosaigh an mórshiúl in am ar 1 Eanáir 1969. Bhí an mórshiúl le dul trí cheantair Phrotastúnacha agus chuir na péas iallach ar na mic léinn bealach eile a shiúl. Ar an tríú lá rinne scaifte aontachtaithe luíochán ar an mhórshiúl ag áit darb ainm Droichead Bhun Tolaid in aice le cathair Dhoire. Ba bheag a rinne CRU le lucht an mhórshiúil a chosaint, ní hé amháin sin ach is amhlaidh go raibh baill de na péas páirteach san ionsaí féin. Níos moille ar an lá céanna bhí tuilleadh foréigin i nDoire leis na póilíní i gceantair náisiúnacha na cathrach. Mheall na heachtraí seo drochghnaoi an phobail náisiúnaigh ar na póilíní.



Dílseoirí ag ionsaí lucht Dhaonlathas an Phobail - ní dhearna na póilíní mórán lena stopadh.

Caidrimh ag athrú

Foinse A


Bheadh an mórshiúl seo ina thomhas ar mhianta an rialtais. Sheasfadh siad in éadan na n-antoisceach ar eite dheis an Pháirtí Aontachtaigh agus chosnódh siad an mórshiúl . . . nó bheadh sé le sonrú go raibh siad lag i leith na bithiúntachta seictí agus bheadh iallach ar Westminster a ladar a chur isteach i gceist na hÉireann don chéad uair le 50 bliain.

Aidhmeanna mhórshiúl Dhaonlathas an Phobail de réir Micheal Farrell, duine de cheannairí na heagraíochta.

Foinse B

Bhí roinnt póilíní ciontach as mí-iompar. Áirítear ina measc seo, damáiste ar mhaoín, ionsaithe ar dhaoine agus sluáin sheicteacha, pholaitiúla agus chorraitheacha a úsáid.

Sliocht as Tuairisc Cameron a foilsíodh 12 Meán Fómhair, 1969, faoin fhoréigean i dTuaisceart Éireann.



1. Cé a bhunaigh Daonlathas an Phobail?


2. Mínigh cad é a thit amach ag Droichead Bhun Tolaid.

3. Agus an t-eolas sa téacs in úsáid agat mínigh:

- Na fáthanna ar tharla mórshiúl Dhaonlathas an Phobail
- Cad chuige nach raibh Daonlathas an Phobail sásta na mórshiúlta a chur ar ceal cé go raibh CCSTÉ sásta é sin a dhéanamh?
- Cad chuige a ndeachaigh Daonlathas an Phobail trí cheantair Phrotastúnacha ar an bhealach go Doire?
- Mínigh cad chuige a raibh imeachtaí 1969 go holc do na péas

4. Creideann an tOllamh Joe Lee gurbh í aidhm Dhaonlathas an Phobail an teannas a mhéadú. An aontaíonn tú leis an dearcadh seo agus an síleann tú gur bhain siad an aidhm sin amach? Bíodh fianaise á léiriú agat i do fhreagra.

*Ná déan dearmad
Bí cinnte de go dtuigeann tú na difríochtaí idir Daonlathas an Phobail agus CCSTÉ.*



Aonad 7: Freagairtí ar mhórshiúl Dhaonlathas an Phobail



O'Neill i 1969

Freagairt ar ionsaí Bhun Tolaid

An freagra a bhí ag CCSTÉ ar imeachtaí Bhun Tolaid gur thosaigh siad a eagrú mórshiúlta arís. Bhí an chéad mhórshiúl san lúr agus bhí foréigean ann. Mar fhreagra air sin, bhunaigh O'Neill Coimisiún Cameron leis an fhoréigean a bhí ag méadú a fhiosrú. D'éirigh beirt airí rialtais as a bpost dá bharr seo, agus bhí Brian Faulkner ar dhuine acu. Mhaígh Faulkner nach raibh O'Neill láidir go leor leis na heachtraí seo a choinneáil faoi smacht.

Bhí an chosúlacht ar an scéal go raibh dearcadh Faulkner ag dul i bhfeidhm ar bhaill an Pháirtí Aontachtaigh. Ar 30 Eanáir shínigh 12 theachta parlaiminte litir ag iarraidh ar O'Neill éirí as a phost. Ina ionad sin, d'fhógair O'Neill go mbeadh olltoghchán ann. Thug sé 'olltoghchán an chrosbhealaigh' ar an toghchán seo mar iarracht lena chur in iúl go raibh tacaíocht an phobail aigesean agus ag a chuid leasuithe.

'Toghchán an Chrosbhealaigh'

Tharla an toghchán seo ar 24 Feabhra 1969. Ar an drochuair ní raibh na torthaí mar a shíl O'Neill a bheadh siad:

Laghdaigh tacaíocht do na hAontachtaithe agus bhí easaontas idir na Teachtaí Aontachtacha a toghadh. Ní raibh fianaise ar bith go raibh tacaíocht ar bith ar fáil ó Chaitlicigh do O'Neill.


Sheas Ian Paisley in éadan O'Neill ina thoghcheantar féin agus ní raibh d'fharasbarr ag O'Neill ach 1400 vóta. Níor sheas duine ar bith ina éadan roimhe.

Lean O'Neill ar aghaidh ar feadh dhá mhí eile ach bhí a pháirtí scoilte agus bhí an staid pholaitiúil ag dul in olcas agus méadú as cuimse ag teacht ar an fhoréigean. D'éirigh sé as a phost mar phríomh-aire ar 28 Aibreán 1969. Dheifrigh sraith buamaí amach as oifig é agus cuireadh an locht ar an IRA. Is léir anois, áfach, gur paraimíleataigh Phrotastúnacha iad na daoine ba chiontaí, dream a bhí ag iarraidh brú a chur ar O'Neill éirí as. Agus O'Neill ag scríobh ina dhírbeathaisnéis dúirt sé "is amhlaidh gur 'phléasc' na buamaí amach as oifig mé".

**Ulster
at the
Crossroads**

The Ulster Unionist Party's Declaration
of Principle and Statement of Policy
for the General Election, 1969

Caidrimh ag athrú



Ceannaire nua

Bhí toghchán ceannaireachta ag an Pháirtí Aontachtach agus toghadh col ceathrar O'Neill, An Maor James Chichester Clark, mar cheannaire. Bhí Chichester Clark i ndiaidh éirí as a phost mar aire rialtais seachtain roimhe sin mar agóid i gcoinne chinneadh O'Neill vóta amháin an duine a chur i bhfeidhm roimh na chéad toghcháin áitiúla eile. Ag an am sin mhaígh Chichester Clark nach raibh an t-am i gceart faoi choinne an leasaithe áirithe sin ach anois mhaígh sé go leanfadh sé le clár leasuithe O'Neill.

James Chichester Clark, an Príomh-Aire nua.

Foinse A

Rinne mé iarracht slabhraí an fhuatha a bhriseadh. Theip orm i ngach rud ba mhian liom a bhaint amach.

Terence O'Neill ag caint ar an teilifís, 28 Aibreán 1969.



O'Neill ar cuairt ar scoil Chaitliceach.

Foinse B

Ós rud é nach nglacfadh an páirtí le hathrú, b'éigean domsa díriú ar chaidreamh idir an Deisceart agus an Tuaisceart a fheabhsú agus sa Tuaisceart féin idir an dá chuid den phobal. Tig liom a rá go hionraic gur éirigh liom é sin a dhéanamh. Le linn na tréimhse 1965 go 1968 thuig na Caitlicigh go raibh suim agam i ndul chun cinn s'acu. Thosaigh an Deisceart a léiriú spéise i gcúrsaí an Tuaiscirt.

O'Neill ag scríobh ina dhírbheathaisnéis.



O'Neill agus Lemass ag siúl thart i ngairdíní Stormont.

Caidrimh ag athrú

Foinse C

In ainneoin na n-iarrachtaí eadrána a rinne sé, ag briseadh an mhúnla, chruthaigh O'Neill frustrachas sa phobal Chaitliceach ar an ábhar gur theip air leasuithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm. Ar an taobh eile den scéal bhí na dílseoirí den tuairim go raibh i bhfad barraíocht á thabhairt aige agus thiontaigh siadsan ina éadan.

Tuairimí an staraí, Jonathan Bardon ina leabhar, *A History of Ulster*.

1. Cé a bhain olltoghchán 1969 i dTuaisceart Éireann?

2. Cé a ghlac áit O'Neill mar phríomhaire ar Thuaisceart Éireann?

3. Agus tú ag úsáid eolas an téacs, mínigh cad chuige nach raibh an dara rogha ag O'Neill ach éirí as a phost mar Phríomhaire in Aibreán 1969?

4. Tarraing amlíne a léiríonn na príomhdhátáí agus saincheisteanna idir 1963 agus 1965.

5. D'admhaigh O'Neill, in agallaimh éagsúla, gur theip air. Ag úsáid an mhéid atá ar eolas agat fá dtaobh de O'Neill, an síleann tú gur teip nó bua a bhí ina thréimhse mar cheannaire? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

Tasc Breise




Ní raibh an locht ach ar O'Neill féin gur chaill sé cumhacht agus gur theip air. An aontaíonn tú leis an ráiteas seo?

Ná déan dearmad

Bhí roinnt mhaith cúiseanna ann gur éirigh O'Neill as a phost.

Caithfidh tú bheith soiléir faoi na fáthanna a raibh na cúiseanna seo tábhachtach i dtitim O'Neill.



O'Neill in éineacht lena bhean chéile agus an Cairdinéal Conway. Roimhe sin ní fhacthas polaiteoirí aontachtacha ag caint leis an chléir Chaitliceach.

Aonad 8: I dtreo an anoird

Samhradh na bliana 1969

Ar an drochuair níor mhaolaigh an t-athrú ceannaireachta an teannas a bhí le sonrú i dTuaisceart Éireann. Lean na mórshiúlta ar aghaidh agus is amhlaidh a bhí siad níos conspóidí ná mar a bhí de bharr eachtra Bhun Tolaid. Thosaigh círéibeacha móra i mBéal Feirste. Tháinig níos mó buairimh agus amhrais ar dhaoine agus an séasúr máirseála ag druidim níos cóngaraí. Bhí an buaireamh seo mar an gcéanna taobh istigh agus taobh amuigh den stát.

- Bhí amhras ar rialtas Stormont maidir le hábaltacht na bhfórsaí slándála déileáil le níos mó coimhlinte, go háirithe agus iad faoi bhrú cheana féin.
- I ndiaidh dóibh bheith ag tabhairt neamhairde ar Thuaisceart Éireann ó bhí 1921 ann mhothaigh rialtas na Breataine go raibh cúrsaí chomh holc sin gur chuir siad coiste comhaireachta ar bun le cúrsaí an Tuaiscirt a phlé.
- Bhí rialtas Bhaile Átha Cliath buartha faoi shlándáil agus faoi shábháilteacht an mhionlaigh agus chuir siad oifigeach faisnéise go dtí an Tuaisceart le súil a choinneáil ar a raibh ag titim amach ansin.



Bhí grúpaí paraimíleata ag teacht chun tosaigh chomh maith:

- I measc na ndílseoirí, mar go raibh siad feargach faoin dóigh a raibh náisiúnaithe ag baint leasuithe amach.
- I measc poblachtach mar go raibh siad buartha nach raibh sé ar a gcumas náisiúnaithe a chosaint.

Mhair cuimhne Chath Thaobh an Bhogaigh ar feadh na mblianta sa cheantar mar a léiríonn an múrphictiúr seo as Doire.

Caidrimh ag athrú

Samhradh fada foréigneach

Thosaigh an foréigean i mBéal Feirste ar dtús agus ba luath gur leathnaigh sé amach go Doire. I mBéal Feirste cuireadh tithe trí thine - dílseoirí ba mhó a bhí i mbun na gníomhaíochta seo.

Thosaigh an troid i nDoire i ndiaidh mhórshiúl Phrintísigh Dhoire ar **12 Lúnasa 1969**. Bhí an chuid ba mhó den troid ann i gceantar Caitliceach na cathrach - Taobh an Bhogaigh. D'eisigh Jack Lynch, Taoiseach na Poblachta, ráiteas ag léiriú mhéid a bhuairimh faoin staid seo agus bhog sé saighdiúirí agus otharlanna machaire go dtí an teorainn. Chuir sé seo leis an teannas.



CRU ag iarraidh teacht isteach i dTaobh an Bhogaigh 12 Lúnasa 1969.

Mhair **Cath Thaobh an Bhogaigh** 50 uair an chloig. Faoi dheireadh socraíodh an cheist trí thrúpaí a úsáid ar na sráideanna. Cé go raibh Doire ciúin ar feadh tamaill ina dhiaidh sin, thosaigh trioblóid i roinnt bailte eile agus, go háirithe, i mBéal Feirste, áit a raibh borradh faoi leith faoin fhoréigean sheicteach.

Measann staraithe gur pointe an-tábhachtach é **Lúnasa 1969** i stair na 'dTrioblóidí'. Meastar gur de bharr imeachtaí na míosa seo a:

- Cuireadh trúpaí na Breataine ar shráideanna Thuaisceart Éireann den chéad uair ar **15 Lúnasa 1969** le cীরibeacha a stopadh
- Rinneadh an tIRA a athbheo

Foinse A

Is soiléir nach féidir le rudaí dul ar aghaidh mar atá. Is léir nach bhfuil smacht ag rialtas Stormont níos mó . . . is léir fosta nach féidir le rialtas na hÉireann seasamh siar agus fanacht go díomhaoin nuair atá daoine neamhurchóideacha á ngortú agus b'fhéidir níos measa fiú.

An Taoiseach Jack Lynch ag labhairt ar an teilifís, 13 Lúnasa 1969.

1. Tabhair fáth amháin ar thosaigh foréigean i samhradh na bliana 1969?

2. Luaigh dhá thoradh ar an fhoréigean seo?

3. Cad chuige, dar leat, ar chuir ráiteas agus gníomhaíochtaí Jack Lynch leis an teannas?

4. Mínigh cad chuige ar cuireadh trúpaí na Breataine ar shráideanna TÉ i 1969?

Aonad 9: Freagairtí difriúla ar imeachtaí 1969

Westminster agus Stormont: Gá le réiteach polaitiúil

Bheadh an arm na Breataine ábalta foréigean a stopadh ar feadh gearrthréimhse ach bheadh réiteach polaitiúil ar fhadhbanna Thuaisceart Éireann de dhíth sula mbeadh deireadh le cúiseanna an fhoréigin. Níor chuir an rialtas in Westminster a ladar isteach i gceist rialú an Tuaiscirt ó bunaíodh an stát. An cheist a bhí ann anois an raibh siad sásta go leanfadh rudaí ar aghaidh mar a bhí nó an dtiocfadh athrú ar rudaí.

Forógra Shráid Downing

Ar **19 Lúnasa** thaistil James Chichester Clark go Londain le bualadh le Príomh-Aire na Breataine, Harold Wilson. Mar thoradh ar an chruinniú seo foilsíodh Forógra Shráid Downing. An aidhm a bhí ag an fhorógra seo an dá thaobh den phobal i dTuaisceart Éireann a chur ar a suaimhneas.

Dúradh leis na náisiúnaithe go raibh sé de cheart ag gach saoránach i dTuaisceart Éireann na cearta céanna a bheith acu agus a bheith saor ó leithcheal, mar atá ag gach saoránach eile sa Ríocht Aontaithe, ba chuma cén creideamh nó dearcadh polaitiúil a bhí acu.

Dúradh le haontachtaithe nach dtiocfadh athrú ar stádas Thuaisceart Éireann mar chuid den Ríocht Aontaithe ach le cead mhuintir an Tuaiscirt.

Leasuithe eile

Fógraíodh leasuithe eile sna seachtainí ina dhiaidh sin:

- Bunaíodh coiste le ceist na póilíneachta a scrúdú faoin **Tiarna Hunt**
- Bunaíodh **Binse Fiosraithe Scarman** leis na círéibeacha a fhiosrú
- Bunaíodh **Údarás Tithíochta** a ghlac freagracht as gnéithe tithíochta ó na Comhairlí áitiúla
- Fógraíodh bearta le cosc a chur ar leithcheal san fhostaíocht
- Cuireadh £2 mhilliún ar fáil faoi choinne scéimeanna cruthaithe oibre
- Méadaíodh deontais infheistíochta



An chéad teach a críochnaíodh ar Bhóthar an Ghleanna, Baile Andarsan, Béal Feirste. Bhí sé mar chuid de chlár tithíochta an Údaráis Tithíochta

Freagairtí aontachtacha

Níor chuir gach duine fáilte roimh an bheartaíocht seo. In ainneoin na ngeallúintí a bhí i bhForógra Shráid Downing bhí go leor aontachtaithe buartha fá dtaobh de leasuithe a shíl siad a bheith rófhabhrach do na náisiúnaithe. Ba í an chnámh spairne ba mhó nuair a foilsíodh tuairisc an Tiarna Hunt. Mhol sé:

- CRU a dhí-armáil
- Deireadh a chur leis na B-speisialtaigh agus **Reisimint Cosanta Uladh (UDR)** a chuir ina n-áit

Phléasc foréigean ar Bhóthar na Seanchille i mBéal Feirste agus dílseoirí ar buile faoi na moltaí seo. Ar an drochuair, bhí scéala níos measa le teacht.



De réir a chéile chuaigh an líon aontachtaithe a bhí i gcoinne O'Neill i líonmhaireacht.

Foinse A

D'éirigh na hiarrachtaí a bhí ar siúl ag rialtas na Breataine, an rópa a shiúl idir an dá phobal (.i. freastal ar an dá thrá), dodhéanta le foilsiú Thuairisc Hunt i mí Dheireadh Fómhair 1969.

An tOllamh FSL Lyons, agus é ag scríobh in *Ireland Since the Famine*.

Foinse B

Na freagraí ar tháinig muid orthu . . . go raibh cuid de na héilimh a bhí ag CCSTÉ réasúnta . . . tá sé seo cruthaithe trí na socruithe a rinne rialtas TÉ ó thosaigh na cীরéibeacha seo.

Sliocht as Tuairisc Cameron faoi an cীরéibeacha i dTuaisceart Éireann a foilsíodh 12 Meán Fómhair 1969.

Caidrimh ag athrú

1. Scríobh dhá leasú a chuir Príomh-Aire na Breataine chun tosaigh i Lúnasa 1969?
2. Tabhair dhá chúis a raibh aontachtaithe míshásta faoi na leasuithe seo?
3. Cén fhianaise atá ann gurbh é rialtas na Breataine, seachas rialtas Stormont, a bhrúigh na leasuithe chun tosaigh. Cad chuige a raibh sé seo amhlaidh, dar leat?
4. Tarraing tábla i do chóipleabhar mar seo thíos:

Leasuithe dírithe ar náisiúnaithe	Leasuithe dírithe ar aontachtaithe

- (i) Úsáid an t-eolas ar na leathanaigh seo leis an tábla a líonadh isteach go cuí.
 - (ii) Amharc ar na torthaí a fuair tú, cé acu náisiúnaithe nó aontachtaithe a bhí ní ba shásta le Forógra Shráid Downing, dar leat? Mínigh do fhreagra.
5. Cuir téarmaí Fhorógra Shráid Downing i gcomparáid le héilimh CCSTÉ. Cén dearcadh a bheadh ag ceannairí ghluaiseacht na gCeart Sibhialta faoin fhorógra seo, dar leat?
 6. Cén dearcadh a bheadh ag náisiúnaithe agus ag aontachtaithe faoi thuairisc an Tiarna Hunt agus Tuairisc Cameron? Bain úsáid as na foinsí agus as an eolas atá anseo le cuidiú leat an freagra a scríobh.

Aonad 10: Freagairtí ar imeachtaí 1969: míleata agus paraimíleata

Cá raibh an tIRA?

'I Ran Away' a cuireadh i leith an IRA ar an ábhar gur theip orthu na ceantair Chaitliceacha a chosaint ón fhoréigean a díríodh orthu mí Iúil agus mí Lúnasa 1969. Ní raibh mórán ar siúl ag an IRA ó bhí deireadh lena bhfeachtas i 1962. Ba chosúil gur sa Mharxachas ba mhó a bhí an tsuim acu ná i bhfeachtas míleata. Bhí roinnt ball míshásta leis seo, áfach.

Scoilt san IRA

Ag deireadh 1969 bhí scoilt san IRA agus bunaíodh:

An tIRA Oifigiúil a lean ar aghaidh ag éileamh Éireann sóisialaí. Ag an am céanna bhain siad úsáid as foréigean go dtí gur fhógair siad sos cogaidh i mBealtaine 1972. I 1974 bhí scoilt eile sa ghluaiseacht seo agus bunaíodh an IRSP agus an INLA.

An tIRA Sealadach (Na Sealadaigh) a ghlac ról traidisiúnta chosaint an phobail náisiúnaigh orthu féin.

Fá Cháisc 1970, d'fhógair an ghluaiseacht shealadach nua a cuid aidhmeanna:

- Cearta sibhialta
- Cosaint na gCaitliceach
- Rialtas Stormont a scriosadh
- Gach rian d'Impiriúlachas na Breataine a ruaigeadh as Éirinn



Cé gur chuir cuid den phobal Chaitliceach fáilte roimh arm na Breataine ar dtús níor mhair an fháilte sin rófhada ina dhiaidh.

Caidrimh ag athrú

An tIRA agus arm na Breataine

Agus an aidhm dheireanach sin go mór chun tosaigh ba shoiléir go mbeadh coimhlint ann idir an IRA agus arm na Breataine, luath nó mall. Chuir an pobal náisiúnach fáilte roimh na saighdiúirí ar dtús agus ba léir go raibh siad níos gasta ag glacadh leo ná mar a bhí an pobal aontachtach. Bhí sé seo ag athrú, áfach, mar go raibh an t-arm le hord a choinneáil agus na polaiteoirí ag iarraidh réiteach polaitiúil a shocrú.

Thosaigh feachtas an IRA ag méadú fá lár 1970. D'fhreagair an t-arm le cuirfiú 34 uair an chloig a chur i bhfeidhm ar Bhóthar na bhFál le seans a thabhairt dóibh cuardach arm a dhéanamh ó theach go teach. Cé gur tháinig siad ar roinnt arm agus armlóin, bhí impleachtaí polaitiúla na heachtra seo go dona amach is amach dóibh.

Scríosadh cuid mhór tithe le linn do na saighdiúirí bheith á gcuardach. Thug sé seo ar an phobal náisiúnach agus Chaitliceach athrú dearcaidh a bheith acu i leith arm na Breataine. Ba léir go raibh i bhfad ní ba mhó cuardaigh ag dul ar aghaidh i gceantair náisiúnacha ná mar a bhí i gceantair aontachtacha.

Glactar leis gur de bharr Chuirfiú na bhFál a chuaigh go leor daoine leis an IRA agus is léir go ndearna sé damáiste mór don chaidreamh mhaith a bhí idir an pobal náisiúnach agus arm na Breataine.

Paraimíleataigh Phrotastúnacha

Ba mhian leis na paraimíleataigh Phrotastúnacha deireadh a chur le réimeas


Stormont fosta, ach ar chúiseanna difriúla. Bhí siad ag súil leis go bhfillfí ar na laethanta a raibh an rialtas faoi smacht iomlán na n-aontachtaithe. Bhí méadú tagtha ar an UVF le linn feachtas CCSTÉ agus na leasuithe a shíl siad a bhí á dtabhairt do na Caitlicigh ó rialtas O'Neill i leith. Bhí eagraíocht mhíleata curtha le chéile acu a bhí sásta gníomhú in éadan an IRA.

I Meán Fómhair 1971 bunaíodh an UDA le bearnaí a líonadh i gcosaint na bProtastúnach. D'amharc siad orthu féin mar ghrúpa cosantach a chuirfeadh in éadan ionsaithe an IRA. Taobh istigh de bhliain bhí 30,000 ball san eagraíocht agus mhothaigh an rialtas go raibh sé ró-mhór le cosc dlí a chur air.

Póstaer earcaíochta de chuid Chumann Cosanta Uladh (UDA) ag tús na seachtóidí.



An damáiste a d'fhág na saighdiúirí ina ndiaidh



Faulkner in áit Chichester Clark

D'éirigh an foréigean ní ba mheasa ag deireadh 1970 agus ag tús 1971. Chuir rialtas Stormont iachall ar rialtas úr Coimeádach na Breataine bheith níos déine ar na paraimíleataigh ach ní raibh fonn orthusan an pobal náisiúnach a imeallú ní ba mhó agus ní dhearna siad mórán. Mar fhreagra ar neamhghníomhaíocht na Breataine d'éirigh Chichester Clark as a phost mar phríomh-aire ar 20 Márta 1971 agus ghlac Brian Faulkner a áit.

Cé go raibh cuma ar an scéal go raibh tuiscint ní b'fhearr ag Faulkner ná mar a bhí ag Chichester Clark ní raibh sé ar a chumas an foréigean a laghdú. Agus séasúr na mórshiúlta ag druidim ní ba chongaraí bhí an foréigean ní b'airde ná riamh, go háirithe i nDoire.

An freagra a bhí ag an rialtas ar na fadhbanna imtheorannú a chur i bhfeidhm: na daoine a shíl siad a bheith ag obair leis an stát a scriosadh a ghabháil agus a choinneáil gan triail.

Foinse A

Dá bhfanfadh an t-arm socair seachas rud éigin a dhéanamh, b'fhéidir go dtiocfadh an tIRA ar na hacmhainní le feachtas ionsaitheach a reáchtáil ina éadan. Dá ndéanfadh siad gníomh, 'cuardach tithe' chuirfeadh sé fearg ar Chaitlicigh trína dtithe a scriosadh agus rachadh siad leis an IRA . . . bhí an cuardach airm mar a bheadh bronnantas ann don IRA.

An staraí Éireannach, An tOllamh JJ Lee, agus é ag scríobh in *Ireland 1912-1985: Politics and Society*.

Foinse B

Más féidir a rá go raibh pointe faoi leith ann nuair a d'athraigh dearcadh na gCaitliceach i leith an airm . . . is dócha gurbh é an cuirfiú 34 uair an chloig a bhí ann . . . ba thubaiste é ó thaobh polaitíochta de agus d'fhás cumhacht na Sealadach go mór . . . mhéadaigh ballraíocht ó 100 go dtí thart ar 800 sa dara leath de 1970.


An staraí Éireannach, An tOllamh JJ Lee, agus é ag scríobh in *Ireland 1912-1985: Politics and Society*.



Mná ar Bhóthar na bhFál ag briseadh an cuirfiú.

Caidrimh ag athrú

1. Ainmnigh an dá chuid den IRA i ndiaidh na scoilte.
2. Tarraing ‘léaráid damháin alla’ ag léiriú aidhmeanna an IRA.
3. Mínigh an dóigh ar athraigh dearcadh na náisiúnaithe i leith arm na Breataine i mblianta tosaigh na 1970í.
4. Úsáid an t-eolas atá sa téacs leis an dóigh nach raibh arm na Breataine ábalta baint i 1970 a mhíniú?
5. Cad é an tionchar a bhí ag an chuardach arm ar dhearcadh na náisiúnach i leith an airm agus i leith rialtas Stormont?
6. Bain úsáid as an eolas seo lena rá cé ba mhó a bhain tairbhe as an ‘chuardach arm’ in Iúil 1970?
7. Tabhair roinnt fáthanna leis an fhás a bhí le sonrú ar ghrúpaí paraimíleata na ndílseoirí a mhíniú.
8. Déan cur síos ar an phictiúr ina bhfuil na páistí (leathanach 34). Cad é atá ina n-intinn dar leat?
9. Déan cur síos ar na difríochtaí idir pictiúr leathanach 33 agus pictiúr leathanach 34 ag léiriú ghníomhaíocht arm na Breataine.



Aonad 11: Freagairt na bpáirtithe polaitiúla ar imeachtaí sna luath-1970í

Agus imeachtaí trína chéile sna luath-1970í tháinig roinnt páirtithe polaitiúla úra chun tosaigh a thug dúshlán na bpáirtithe seanbhunaithe náisiúnacha agus aontachtacha.

Easaontas i measc aontachtaithe

Bhí scoilt i bPáirtí Aontachtach Uladh (UUP) ar bhealach amháin nó ar bhealach eile ar feadh an chuid ba mhó de na 1960í. Tháinig na difríochtaí sa pháirtí chun tosaigh go soiléir



Ian Paisley ina sheasamh lámh le dealbh Edward Carson ag Stormont.

i Márta 1970 nuair a díbríodh roinnt feisirí mar nár thacaigh siad le polasaí slándála an rialtais.

Léiríodh míshásamh na n-aontachtaithe le polasaithe an UUP nuair a toghadh **Ian Paisley** mar **Aontachtaí Protastúnach** don suíochán in Stormont a bhí ag Terence O'Neill roimhe sin; bhí ardú céime faighte aigesean go dtí **Teach na dTiarnaí** i Londain. Lean rathúlacht Paisley sna toghcháin i 1970 nuair a toghadh é mar fheisire do Thuaisceart Aontroma i mí an Mheithimh.

I Meán Fómhair 1971 athainmníodh páirtí Ian Paisley. Tugadh an **Páirtí Aontachtach Daonlathach (DUP)** air agus bhí sé mar aidhm aige bunreacht Thuaisceart Éireann a chosaint agus polasaithe sóisialta níos fearr a chur chun tosaigh.



In mí Aibreáin 1970, tháinig an 'tríú bealach' chun tosaigh nuair a bunaíodh **Páirtí an Chomhaontais** agus **Oliver Napier** mar cheannaire air. Cé go raibh an páirtí seo aontachtach den chuid is mó, chuir siad fáilte roimh bhaill ó gach taobh den phobal agus bhí siad ag súil le leanúint ar aghaidh leis an chlár leasuithe a bhí ag Terence O'Neill.



Ceannaire agus bunaitheoir Pháirtí an Chomhaontais, Oliver Napier.

Caidrimh ag athrú

Easaontas i measc náisiúnaithe

Is féidir a rá go raibh na hathruithe i bpolaitíocht na náisiúnaithe níos suntasaí. Is amhlaidh gur éag an sean-**Pháirtí Náisiúnach** gan mórán gleo agus i Lúnasa 1970 bunaíodh **Páirtí Sóisialach Daonlathach an Lucht Oibre (SDLP)**.

Bhí feisire iarthar Bhéal Feirste, **Gerry Fitt**, mar cheannaire ar an pháirtí nua agus bhí dearcadh de chuid na heite clé measartha acu ó thaobh cúrsaí sóisialacha agus eacnamaíocha de. Ag an am céanna bhí athaontú na hÉireann mar aidhm fhadtéarmach. Ba luath go raibh an SDLP mar phríomhfhreasúra in Stormont, cé gur tharraing siad amach as nuair a theip ar an rialtas fiosrúcháin a eagrú i gcás beirte a mharaigh arm na Breataine i nDoire agus a raibh amhras faoi na maruithe.



Ceannaire Pháirtí Aontachtach Uladh, Brian Faulkner, ceannaire an SDLP, Gerry Fitt, agus duine de bhunaitheoirí an pháirtí, John Hume.

Foinse A

Ní raibh an DUP ina pháirtí iomlán nua. Is as an Pháirtí Aontachtach Phrotastúnach a d'eascair sé, a bhí aitheanta roimhe sin mar Ghníomh Protastúnach Uladh. Grúpa antoisceach Protastúnach é sin a bunaíodh i 1959 le poist Phrotastúnacha a chosaint agus an dífhostaíocht ag fás. An frithphoblachtachas láidir a mheall daoine chuig an eagraíocht seo.

Tuairimí an Staraí Patrick Buckland ó *A History of Northern Ireland*.

Foinse B

Ba rud meánaicmeach é Páirtí an Chomhaontais den chuid is mó agus ba bheag duine a mheall sé chuige.

Breithiúnas an Staraí Patrick Buckland ó *A History of Northern Ireland*.

Foinse C

An ghné ba shuntasáí den SDLP gur shíl siad an bealach ab fhearr le cearta agus mianta an mhionlaigh a chur chun tosaigh bheith ag comhoibriú leis an rialtas, ar a laghad go gearrthéarmach, agus iarracht a dhéanamh ar a chuid féin den chumhacht a ghnóthú.

Measúnú an Staraí Patrick Buckland ó *A History of Northern Ireland*.

1. Ainmnigh trí pháirtí nua a bunaíodh i dTuaisceart Éireann sna luathsheachtóidí.
2. Cé a bhí mar cheannairí ar na páirtithe seo?
3. Cad chuige a raibh na hathruithe seo ag tarlú i bpolaitíocht an Tuaiscirt?
4. Bain úsáid as an eolas sa téacs le fréamhacha agus aidhmeanna an DUP a mhíniú?
5. Agus na difríochtaí idir an dá phobal ag méadú ó bhí na seascaidí ann cad chuige a mbeadh sé deacair ar Pháirtí an Chomhaontais tacaíocht a fháil?
6. Mínigh aidhmeanna an SDLP.
7. Léigh foinse A:
 - Cé hé údar na foinse seo?
 - Cad as ar tháinig an fhoinsé seo?
 - Cad é a deir an fhoinsé linn faoi thús an DUP?
8. Tarraing tábla mar seo thíos i do chóipleabhar agus líon é:

Páirtithe nua i dTuaisceart Éireann

Ainm an Pháirtí	Ainm an Cheannaire	Náisiúnach nó Aontachtach	Aidhmeanna	Aon Eolas eile

Aonad 12: Imtheorannú agus Domhnach na Fola

Imtheorannú

Bhí Príomh-Aire Thuaisceart Éireann, Brian Faulkner, ag glacadh seans iontach mór nuair a cuireadh imtheorannú i bhfeidhm 9 Lúnasa 1971, trí Oibríocht Demetrius. Is amhlaidh gur theip ar an iarracht amach is amach. Bhí rudaí i bhfad ní ba mheasa i ndiaidh chur i bhfeidhm an imtheorannaithe ná mar a bhí roimhe sin. Bhí fadhbanna leis an pholasaí seo a bhain le:

- an t-eolas a bhí ag na fórsaí slándála roimh ré - *bhí sé as dáta*
- an dóigh ar cuireadh an plan i bhfeidhm - *náisiúnaithe amháin a gabhadh*

Gabhadh 452 fear agus ní raibh oiread agus duine amháin acu mar cheannaire de chuid na Sealadach, bhí an t-eolas uilig as dáta. Chomh maith leis sin níor gabhadh oiread agus dílseoir amháin, cé go raibh na paraimíleataigh aontachtacha i mbun feachtas fuilteach ag an am. Ba náisiúnaithe uilig iad na daoine a gabhadh. Níor úsáideadh imtheorannú in éadan na ndílseoirí go dtí Feabhra 1973.

Freagraí ar an imtheorannú

Bhí pléascadh foréigneach ann i ndiaidh chur i bhfeidhm an imtheorannaithe. Fágadh go leor daoine marbh agus na mílte ó dhá thaobh an phobail gan dídean. Idir 9 Lúnasa agus deireadh na bliana sin maraíodh 143 duine in ionsaithe



buamála nó lámhaigh. Méadú 500% ar an ráta báis a bhí ann le linn na chéad ocht mí de 1971. Ní raibh an foréigean aontaobhach. Le méadú ar fhoréigean na bPoblachtach bunaíodh an UDA paraimíleata i Meán Fómhair 1971 agus ba iad a bhí freagrach as an ionsaí buamála ar theach tábhairne Mhic Oirc i mBéal Feirste. Ba í seo an eachtra inár maraíodh an líon ba mhó daoine le linn na bliana sin; cúigear déag a maraíodh.

D'éirigh an foréigean níos measa i ndiaidh imtheorannú.



Tógadh a lán daoine nach raibh baint ar bith acu leis an IRA.

END INTERNMENT — FIGHT REPRESSION

RENT & RATES STRIKE

WHAT HAPPENS NEXT?

The Rent and Rate Strike is a tremendous success. The Unionist Government pays daily from its pocket for the crime of Internment. So after only five weeks, the people's penalty on them has amounted to £3½ Million in rent and rates withheld. But now they are attempting to strike back and we must meet them with determination.

1. If you get Notice to Quit, from a landlord, or a local authority—IGNORE IT. You cannot be evicted without a Court Order. But contact your Local RENT & RATES STRIKE COMMITTEE.

2. Later, you may get a Summons, requiring you to attend at Court, to force you to pay arrears, or vacate your house. Contact your local Committee. They will advise whether or not you should attend the Court.

3. Should they advise attendance at Court, local Committees will arrange with N.I.C.R.A. for legal representation. In any case there will be no question of paying arrears.

4. Eventually should they threaten to evict you, remember, eviction is NOT an easy matter for them. You cannot be evicted during the hours of DARKNESS, nor can they force entry into your home. So be careful who you open your door to! Remember your whole estate is behind you and by keeping your local Committee informed you can be assured of complete support. N.I.C.R.A. is determined that no-one will be victimised or evicted through this campaign.

5. Unemployment, sickness, maternity, injury, and supplementary Benefits are protected from political interference by statute and legal precedent. The only sum which can be stopped is the rent supplement. Any attempt to frighten strikers by cutting of these payments will be vigorously contested.

6. Where local Committees decide to take over services or facilities, closed down by local Authorities, e.g. swimming pool in Newry, playing fields, repairs etc., people should support their efforts from the money withheld in rents and rates.

End The Unionist System of Government

MAINTAIN THE STRIKE

Issued by the Northern Ireland Civil Rights Association, 2 Marquis St. Belfast
Printed by Irish News Ltd.

Domhnach na Fola

Bhí níos measa le teacht i nDoire ocht lá ina dhiaidh sin. I ndiaidh mórshíuil a bhí ann thosaigh círéib sa chathair. Mar fhreagra air seo cuireadh trúpaí as an Reisimint Pharaisiúit isteach go Taobh an Bhogaigh agus maraíodh trí dhuine dhéag lena n-urchair. Gortaíodh 13 eile agus fuair duine amháin acu siúd bás ina dhiaidh sin.

Theip ar an fhiosrúchán oifigiúil faoin Tiarna Widgery míniú sásúil a thabhairt ar eachtraí an lae sin - ar ar tugadh **Domhnach na Fola**. Bunaíodh Binse Fiosrúcháin eile i mí Eanáir 1998 leis an eachtra a fhiosrú.

Seachas an brón, an gortú agus an fhearg a bhí le sonrú i ndiaidh an lae úd bhí torthaí eile nach beag ar eachtraí 30 Eanáir 1972:

- Tháinig méadú ar naimhdeas na gCaitliceach i leith an stáit
- Tháinig méadú ar fhoréigean na Sealadach

Faoin am seo bhí sé feicthe ag Westminster nach raibh rialtas Stormont ábalta dlí agus ceart a choinneáil ar shráideanna Thuaisceart Éireann. I ndiaidh 50 bliain i mbun na Sé Chontae ba léir go raibh deireadh ag teacht le ré Stormont.

Níorbh é an foréigean an t-aon fhreagra ar an imtheorannú. D'iarr an SDLP agus ionadaithe eile náisiúnacha agus poblachtacha ar dhaoine gan cíos ná rátaí a íoc (dul ar **Stailc Cíos agus Rátaí**) mar agóid ar an pholasaí seo. Iarradh orthu fosta tarraingt amach as na comhairlí áitiúla.

Eagraíodh mórshíulta ceart sibhialta le míshásamh an phobail a chur in iúl agus ba léir go raibh seasamh an airm ag daingniú i leith na mórshíulta seo. D'úsáid an t-arm smachtíní agus gás CS ar lucht mórshíulta ar 22 Eanáir 1972 agus iad ag déanamh agóide ag Campa Géibhinn Aird Mhic Giollagáin.



An tAthair Éamonn Ó Dálaigh agus ciarsúr bán fuilteach á chroitheadh aige agus é i mbun fear gortaithe a thionlacan go dtí áit shábháilte, 30 Eanáir, 1972, Domhnach na Fola.

Caidrimh ag athrú

Foinse A

Bhí iarmhairtí polaitiúla an imtheorannaithe an-olc ar fad: ba léir go raibh an rialtas aontachtach i ndiaidh gníomhú leis an arm in éadan an ghnáthphobail Chaitlicigh agus go raibh cibé dea-ghnaoi a bhí fágtha acu don aontachtachas imithe.

An staraí Sabine Wichert ag scríobh ina leabhar *Northern Ireland Since 1945*.

Foinse A

Más amhlaidh go raibh fear folláin amháin de dhearcadh poblachtach i nDoire nach raibh san IRA roimh an slad a rinneadh inné, is cinnte nach mbeidh anocht.

Sliocht as an *Irish Press* ag léiriú tuairimí faoi Dhomhnach na Fola.

Report of the Tribunal
appointed to inquire into the
events on Sunday, 30th January 1972,
which led to loss of life
in connection with the procession
in Londonderry on that day
by
The Rt. Hon. Lord Widgery, O.B.E., T.D.

Presented pursuant to the Tribunals of Inquiry (Evidence) Act 1921, s. 1

Ordered by The House of Lords to be printed
18th April 1972

Ordered by The House of Commons to be printed
18th April 1972

LONDON
HER MAJESTY'S STATIONERY OFFICE
363p. net

H.L. 101
H.C. 220

Foinse C

Ní bheadh marú ar bith i nDoire . . . dá mba rud é nach raibh na daoine a d'eagraigh an mórshiúl mídhleathach i ndiaidh staid iontach contúirteach a chothú a rinne coimhlínt leis na fórsaí slándála dosheachanta . . . ag taobh amháin den scála léirigh cuid de na saighdiúirí freagracht nach beag . . . ag an taobh eile . . . bhí an scaoileadh ar theorainn na meargántachta . . . níor cruthaíodh go raibh duine ar bith díobh siúd a maraíodh nó a gortaíodh ag láimhseáil gunnaí ná buamaí nuair a scaoileadh iad.

Sliocht as Tuairisc Widgery a scríobhadh fá dtaobh d'eachtraí Dhomhnach na Fola.

1. Cad iad na hiarmhairtí a bhain le himtheorannú?

2. Cad é an tionchar a bhí ag Domhnach na Fola ar Thuaisceart Éireann?

3. Mínigh cad chuige a raibh sé soiléir go dteipfeadh ar an imtheorannú.

4. Ag úsáid an eolais sa téacs mínigh cén tionchar a bhí ag an imtheorannú ar pholaitíocht Thuaisceart Éireann?

5. Cén fáth a raibh tionchar chomh mór sin ag Domhnach na Fola ar dhearcadh na náisiúnaithe ar an rialtas agus ar arm na Breataine?

6. Cad é an tionchar a bhí ag na heachtraí seo agus gach ar lean iad ar an phobal aontachtach?




Athchoimre ar an aonad seo:

Bhí deireadh le Parlaimint Thuaisceart Éireann mar iarmhairt ar imeachtaí na bliana 1969-1972. Le linn na mblianta seo chonacthas:

- Trúpaí na Breataine ag feidhmiú ar shráideanna Thuaisceart Éireann
- Teacht chun cinn an IRA Sealadach agus pharaimíleataigh na ndílseoirí
- Tús le feachtas foréigneach na ngrúpaí seo
- Teacht chun cinn páirtithe úra
- Iarrachtaí teipthe an rialtais le déileáil leis na fadhbanna seo, imtheorannú san áireamh.

De bharr na n-imeachtaí thuasluaite bhí staid pholaitiúil TÉ imithe ó smacht fá 1972. Bhí teipthe ar rialtas Stormont agus tháinig deireadh iomlán leis i Márta 1972 nuair a cuireadh Rial Dhíreach i bhfeidhm ó Westminster.





Diarmaid Ua Bruadair

Stair GCSE

Caidrimh ag athrú:

**An Bhreatain, Tuaisceart Éireann
agus Poblacht na hÉireann**